

Amhrán Folaigh - Auld Lang Syne - Bliain na Gaeilge

Ó bhun go barr na tíre
's ar fud an domhain seo beidh
Na Gaeil ag casadh lámh le lámh
ar oíche Auld Lang Syne

Ar oíche Auld Lang Syne seo muid, ar oíche Auld Lang Syne
Ag casadh amach anocht le bród
ar oíche Auld Lang Syne

Ó Mhumha go Gaillimh
's ar aghaidh ó Thuaidh agus fud fad Chúige Laighean
Beidh glór an Daingin buailte libh ar oíche Auld Lang Syne

1. Republic of Loose - Ag Íoc As An nGrá

Ba bhreá liom dul ag na pictiúir
Ach dáiríre níl an mhaoín ‘am
Ba bhreá liom dul ag an dochtúir
Ach dáiríre níl an mhaoín ‘am ó:
Níl aon chuid de seo uaim
Ag íoc as grá
Níl aon chuid de seo uaim
Ag íoc as grá
In áit íoc as grá
Cén fáth nach nguifeá
Ba bhreá liom dul chuig fiacloir
Tá droch-chaoi ar m’fhiaclo whoa
An aird a thugtar ar an gcuma atá orm

Ní chreidfeá riamh
Seo ‘nois creideamh daoibh, muid ar aon rian:

Níl aon chuid de seo uaim
Ag íoc as grá
Níl aon chuid de seo uaim
Ag íoc as grá
Níl aon chuid de seo uaim
Ag íoc as grá
In áit íoc as grá
Cén fáth nach nguifeá
Creidmheas, ní againn (a) raibh aon chreidmheas
Cruachás, is uirthi (a) raibh an cruachás
Dofhostach, sinne ‘tá dofhostach
Tuigeann (tú) mar (a) bhíonn sa saol
Ag caitheamh ama ag lorg d’áit sa scéal
Na hardnósai(the)
Ghlac mé neart comhréithigh ‘s d’éirigh liom
Léargas beag a fháil ar an saol....

Éist – ní haon áit seo dom
Ní áit seo dom
Ní áit seo dom
Ní áit seo dom
Ní áit seo dom

**Scríofa ag: Republic of Loose Léirithe ag: Republic of Loose Taifeadta ag: Fish Don’t Fear Nets
Studios Innealtóireacht: Dave Pyro Aistriúchán: Traic Ó Braonáin agus Síne Nic an Ailí
www.republicofloose.com**

2. THIS CLUB

- Ní Bheidh Mé Buartha

Meallaim tú, brúitear mé, 's táimid imi(the) ar strae
Tús le troid, lena chéile, táimid réidh
Ach maíonn tú, screadfaidh mé amach go hard,
Gan feabhas ar bith ar an scéal,
Táim fágtha anseo ar lár
Ní bheidh mé buartha,
Ní bheidh mé buartha níos mó.
Sin an scéal, níl mé ceart, nó, ná níl tú
Ach ní dóigh / liom go bhféadfaimis riamh aontú

Ach (ó) am go ham,
Eitlíonn áilleacht os ár gcionn
Ós na buillí, 's ón mbrothall binn
Réitítear na n-in-tinn
Ní bheidh mé buartha,
Ní bheidh mé buartha níos mó
Cabhraigh liom smacht a thógáil,
Cabhraigh liom é a thuiscint,
Cabhraigh liom smacht a thógáil,
Táim ar strae, 'dtógfaidh tú mo lámh, yeah
Cabhraigh liom smacht a thógáil,
Cabhraigh liom é a thuiscint,
Cabhraigh liom smacht a thógáil,
Táim ar strae, 'dtógfaidh tú mo lámh, yeah
Mar tá mé bréan dá bheith buartha,
Ní bheidh mé buartha,
Ní bheidh mé buartha níos mó.
Ní bheidh mé buartha, nooo,
Ní bheidh mé buartha!
Ní bheidh mé buartha níos mó, níos mó, níos mó.

Scríofa ag: This Club agus Dennis Herring Léirithe ag: Dennis Herring Aistriúchán: Cillian de Búrca, Traic Ó Braonáin agus Síne Níc an Ailí www.thisclubmusic.com

3. THE CORONAS - Ag Brionglóid Arís

Tá neart i mo chloigeann
Atá do mo chur siar
Tá'n chuimhne ag filleadh
Ó gach rud ar fhág mé taobh thiar

Bhí sé éasca go maith 'am
Nó níor thuig mé go leor
Ag éirí santach dá pógadh
Tá sí uaim níos mó ná mar ba chóir

Tá'n dúil seo ag spreagadh mo chuimhne
Agus gach (a) dtéann leis
Ag glacadh le pian (ag) dul sa tóir air
Níl spás d'aon bhrionglóid sa bhreis
Ó....
Cé gur caolseans atá ann
Tá muinín 'am inniu
Dúirt mé: "Tá tú go hálainn"
Mar ní maith liom (a) bheith (ag) cur am' amú

Tá'n dúil seo ag spreagadh mo chuimhne
Agus gach (a) dtéann leis
Ag glacadh le pian (ag) dul sa tóir air
Níl spás d'aon bhrionglóid sa bhreis
Ó....
Tá'n dúil seo ag spreagadh mo chuimhne
Agus gach (a) dtéann leis
Ag glacadh le pian (ag) dul sa tóir air
Níl spás d'aon bhrionglóid sa bhreis

In ainneoin gach iarracht a dheineas
Níl aiféal' orm faoi
Mar má chaithim m'am ag smaoineamh uirthi
Ar a laghad táim (ag) brionglóid arís
Ó....
Ar a laghad táim (ag) brionglóid arís
Ar a laghad táim (ag) brionglóid arís

**Scríofa ag: The Coronas Léirithe ag: Tony Hoffer Guth: Danny O'Reilly Giotár: Dave McPhillips
Dordghiotár: Graham Knox Drumaí: Conor Egan Aistriúchán: Traic Ó Braonáin agus Síne Nic an
Ailí www.thecoronas.net**

4. ASLAN

- Fan Dár gCairde

Ba mhaith liom rud éigin a rá gur gá duit a chloisteáil.
Ba mhaith liom dul go háiteanna gur gá dúinn dul.
An seomra ina bhuailimid, braitheann sé fuar.
An gáire a mhair anseo, níl sé ag gáire anois
Níl miongháire ar éinne anseo, glanadh a náire ó na hurláir go deo.
Ba chóir dúinn rud éigin a roinnt, fan dár gcairde teacht linn.
Ba chóir dúinn ár scéalta a insint, fan dár gcairde teacht linn.
Ní chuimhin le héinne an áit inar tógadh iad.
Cosúil le leabhar gan leathanaigh, tá a scéalta faoin bhfód.
Nuair a chreid tú sna rudaí a dúradh leat.
Cráite i do chodladh, bhí an domhan faoi lánseol
Níl duine ná deoraí ag gol agus fanfaimid dár gcairde
Fan dár gcairde 'tá ag teacht, fan dár gcairde 'tá ag teacht

Tógtha ó: Nudie Books and Frenchies Measctha ag: Joe Jewell agus Philip Magee Léirithe ag: Joe Jewell Foilsithe ag: Copyright Control Aistriúchán: Eamon Mulvihill agus Cillian de Búrca
www.aslan.ie

5. KEYWEST

- Mothaím Chomh Fuar

'S tú ag amharc orm mar sin
Tá a fhios 'am go maith go n-éireoidh linn
Ní sheasfaidh mé duit ag gol níos mó
Ní hí seo an chríoch, ní rud ar bith é,
'Sé slán go fóill

Glaoch eile caillte ar an bhfón
Bliain eile bhriste 's imithe romhainn
Ní leanfaidh mé leis na bréag(a) níos mó
Ní hí seo an chríoch, ní rud ar bith é,
'Sé slán go fóill

Ní mian liom do chroí a bhris(eadh) inniu
Ní mian liom go síoraí a bheith a(g) tosú
Arís 's arís, arís 's arís
Mothaím chomh fuar, mothaím chomh fuar

Ní bhaineann seo leat, ba chóir go dtuigeann tú

D'imíos ar strae 's chaill mé mo shlí arís inniu
Ní chreidim gach a deirim féin
Mar is leathfhear mé, tabhair leathsheans dom
Agus beidh mé réidh, cinnte beidh mé réidh
Ní mian liom do chroí a bhris(eadh) inniu
Ní mian liom go síoraí a bheith a(g) tosú
Arís 's arís, arís 's arís
Mothaím chomh fuar, mothaím chomh fuar
Mothaím chomh fuar, ón am ar fhág mé thú

Ní sheasfaidh mé duit ag gol níos mó
Ní hí seo an chríoch, ní rud ar bith é,
'Sé slán go fóill
Ní hí seo an chríoch, ní rud ar bith é,
Nó ó

Ní mian liom do chroí a bhris(eadh) inniu
Ní mian liom go síoraí a bheith a(g) tosú
Arís 's arís, arís 's arís
Mothaím chomh fuar, mothaím chomh fuar
Mothaím chomh fuar, ón am ar fhág mé thú
Ní mian liom do chroí a bhris(eadh) inniu
Ní mian liom go síoraí a bheith a(g) tosú
Arís 's arís, arís 's arís
Mothaím chomh fuar, mothaím chomh fuar
Mothaím chomh fuar

Scríofa ag: Andrew Kavanagh agus Andrew Glover Ceol / Cóirithe ag: Andrew Kavanagh, Andrew Glover, James Lock, Sam Marder agus Eamonn Hegarty Léirithe ag: King Artemis, Jean-Baptiste Blot agus Ethan Carlson Guth: Andrew Kavanagh Pianó: Andrew Glover Giotár: James Lock Dordghiotár: Sam Marder Drumaí: Eamonn Hegarty Aistriúchán: Traic Ó Braonáin agus Síne Nic an Ailí www.keywestofficial.com

6. THE SHOOS - Smál Do Staire

Bréan de na ballaí caol(a)
Ghlac tú seasamh a mhillfeadh ár saol
Ag luí i do leaba
Ag lorg fírinne éigin sa scéal

Taispeáin dom cé tú féin
Agus lig isteach mé
'S mura fheicim smál do staire
Conas a thuigfinn cé tú féin

Bhíomar 'seo inné
Ní fhéadfaí é a shéan(adh)
Dár dtarraingt síos
Bhíomar beirt ag teacht ó dhrochthaobh

Taispeáin dom cé tú féin
Agus lig isteach mé

'S mura fheicim smál do staire
Conas a thuigfinn cé tú féin

Leag do chlaíomh 's lig do scíth
'S buailfidh muid le chéile leathshlí

Taispeáin dom cé tú féin
Agus lig isteach mé
'S mura fheicim smál do staire
Conas a thuigfinn cé tú féin

Taispeáin dom cé tú féin
Agus lig isteach mé
'S mura fheicim smál do staire
Conas a thuigfinn cé tú féin

Taispeáin dom, taispeáin dom,
Taispeáin dom, taispeáin dom,
'S mura fheicim smál do staire
Conas a thuigfinn cé tú féin

Comhscríofa ag: *The Shoos*, Paul McDonnell, Warren Huart agus Sean Douglas Taifeadta beo ag: *The Bunker Meascadh agus Máistriú déanta ag: Keith Farrell Aistriúchán: Traic Ó Braonáin agus Síne Nic an Ailí www.theshoos.com*

7. Bitches With Wolves - Níl Aon Dainséar

Cas in airde giota beag mé
Rud éicint 'am le rá
Fút(sa) 's fúmsa a ghrá
Croí taitnimh againn dá chéile
Ní fhanfaidh mé thart gan fáth
Gan bheith (ag) machnamh faoi gach lá

Tá a 's 'am, nílimid go mór le chéile
Bunoscionn, ba chóir duit bheith liom más féidir
Gabh i leith faoi na clúdaigh seo a chréatúir
Éist liom nuair atáim a(g) rá
Éist liom nuair atáim a(g) rá

Curfá
Arm grá
Táim go breá
Lean ort féin
Scaoil d'urchar-sa (i) mo threo
Ba bhreá liom
Is gá dom
(Beidh) grá 'am duit go deo 's go deo
Beimid thuas an oíche go léir
Ach níl aon dainséar
Níl aon dainséar, dainséar
Anois beidh muid ag spraoi faoin aer
Ach níl aon dainséar
Níl aon dainséar, dainséar

Éist liom nuair atáim a(g) rá
Is ionam 'tá an tine
Lasann (sé) go fras
Aige atá an lón crais
Spreagann (sé) anois an cinneadh
Caithfidh tú bheith liom anocht
Gafa i mo chroí, docht

Seo muid, nílimid go mór le chéile
Ach táim ar bís agat 'nois i lár na féile
Níl mé féin 's na leids eile mar a chéile
Éist liom nuair atáim (ag) rá

Toirneach ins an spéir
Rithfidh muidne saor
Tá'n dúil 'nois san aer
Ach níor inis mé duit
S'cuma a thag-ann
Ní bheidh aon dainséar
Éist liom nuair atáim (ag) rá x 3

Guth: Bitches With Wolves Scríofa ag: Bitches With Wolves agus Eberheart Léirithe ag: Eberheart agus Misk Aistriúchán: Traic Ó Braonáin agus Síne Nic an Aili

8. THE PALE

- Síniú Do Mo Dhaid

An dtuigeann tú gur éist mo Dhaidí le do cheol
Siar i 1992

Is cuimhin liom an lá gur bhris an téip
Ba bhreá leis síniú más féidir é

Is cuimhin liom gur sheinn sé sibh 's muid sa charr
'S é ag canadh amach go hard
Glórach go leor agus muid ar fad
Ag suí ar chúl an VW Golf

Tá deartháir atá cuibheasach óg
Ró-óg le cuimhneamh ar bhur gceol
'S dá ghlúin níl sé mar an gcéanna dóibh
'Sé hip-hop anois 's cluichí fóin
'Sé hip-hop anois 's cluichí fóin

Cén t-ainm a bhí ar bhur dtiúin ollmhór
A cuireadh Daid ag damhsa ar fud an urláir
A cheannaigh sé nuair a ghlac Mam an chéim
A d'fhág sé i 2001

Ba bhreá linn cinnte seó a fheiceáil libh
Mar ní bhíonn sibh ar an raidió riamh
Níor thuigeamar go raibh sibh fós ar an bhfód
Shíleamar nach mbeadh sibh óg go leor go fóill

Caithfimid rith anois 's bus a fháil
Ach buíochas ó chroí as ucht a bheith ar fáil
Beidh Daid ar bís nuair a fhilleann muid inniu
'S feiceann sé an síniú seo
'S feiceann sé an síniú seo

Scríofa ag: The Pale Léirithe agus Measctha ag: Darren Flynn agus Matthew Devereux Guth: Matthew Devereux Giotár: Matthew Devereux Maindilín: Shane Wearen Méarchlár: Andy O'Brien Dordghiotar: Darren Flynn Drumaí: Aidan O'Grady Aistriúchán: Traic Ó Braonáin
www.thepale.ie

9. Maud In Cahoots - Ag Leanúint Inniu

Ag taisteal siar liom ar an traein
M'intinn imi(the) i bhfad i gcéin
Ag lorg radharc níos fearr in aon sórt treo
Ach níl tuairim 'am ar bith go fóill

I gcaife ag moilliú síos go réidh
Ag amharc ar dhaoine i mbun an lae
Meas tú an dtuigeann éinne acu
Ach ba bhreá leo mé a chur ar strae

Ag leanúint inniu, tuigim níos lú
Ag leanúint inniu, tuigim níos lú
Scaoil saor mé
Ní fios cad atá uaim féin
Ag glacadh gach uile shórt céim'
Go mbeidh mé faoi do raon
Laethanta breá' sa chathair mhór
M'intinn á glanadh lena nglór
Níl (a) fhios 'am cad 'tá 'at ar díol
Ach a stór, tá an leigheas ar fáil

Anois mura gcreidim thú
'S mura gcreidim mé féin fiú
An féidir creidiúint mura bhfeictear é
Cén fáth nach scaoileann tú saor mé

Ag leanúint inniu, tuigim níos lú
Ag leanúint inniu, tuigim níos lú
Scaoil saor mé
Ní fios cad atá uaim féin
Ag glacadh gach uile shórt céim'
Go mbeidh mé faoi do raon

Ag leanúint inniu.....
Tuigim níos lú.....
Ag leanúint inniu.....
Tuigim níos lú.....

Ag leanúint inniu.....
Tuigim níos lú.....
Scaoil saor mé.....
Scaoil saor mé.....

Ag leanúint inniu, tuigim níos lú
Ag leanúint inniu, tuigim níos lú
Scaoil saor mé
Ní fios cad atá uaim féin
Ag glacadh gach uile shórt céim'
Go mbeidh mé faoi do raon

**Scríofa ag: Maud Reardon agus Zoe Reardon Léirithe ag: Max Heyes Guth: Maud Reardon agus
Zoe Reardon Ceol: Maud in Cahoots Aistriúchán: Traic Ó Braonáin agus Síne Nic an Ailí**
www.maudincahoots.com

10. THE SPIKES

- Beidh Sí Ag Screadach

Tuigeann tú cá dtéann na slu(aite)
Ar cuairt ort sna haisling(i)
Is cuimhin leo go maith a bheith
Ina ndamhsóir na mbanríon(a)
Iad ag glacadh seó shoilsi(gh)
'S na cuimhní imi(the) fuar

'S ar leaba an bháis
Beidh d'ainm á scread(ach) go hard
'S an phian ag fás
Beidh sí á glanadh lena glór

Tá na scarúintí fánach, saor
Ag léim amach as an gcroí
Ach go tobann 'sé soiléir
Go bhfuil scarúint ar an tslí
Iad ag sciobadh seó shoilsi(gh)
'S na cuimhní imi(the) fuar
'S ar leaba an bháis
Beidh d'ainm á scread go hard
'S an phian ag fás
Beidh sí á glanadh lena glór
Beidh sí ag scread(ach) go hard x 5
Beidh sí ag scread(ach) amach go hard
D'ainm á screadach x 2

Réidh seo linn, ní fad(a) go mbeidh siad ann
An bhfeiceann tú na soilse 's 'nois do chlann
Rug sí ort san fholcadh 's í ina suí taobh leat

Scread d'ainm go hard, giolla ar ais x 2

Scríofa agus seinnte ag: The Spikes Léirithe ag: Keith Lawless @ Studio2, Mullach Íde
Aistriúchán: Traic Ó Braonáin agus Síne Nic an Ailí www.thespikes.net

11. ROBB MURPHY

- Cad A Deir Mé

Le fad' an lá
Is mé i bhfol-ach
Ghlac (mé) sos uaim féin
Anois táim ag téaltú 'mach

Le fad' an lá
(Ag) cuir cruth ar fhuaim breá
Ghlac mé sos ón saol
'S tá sé á mo chrá

Cad (a) deir mé?

Nuair a thag(ann) an t-am
Taitneoidh sé liom
Agus má bhogaim den saol
Cuimhneoidh mé ar an am

Caitheann (tú) uait, uait, uait an chúthail',
uait, uait, uait an chúthail', caith uait é
Caithim uaim, uaim, uaim an chúthail',
uaim, uaim, uaim an chúthail', caith uaim é

Cad (a) deir mé?
Cad (a) deir mé?

Nuair a thag(ann) an t-am
Taitneoidh sé liom
Agus má bhogaim den saol
Cuimhneoidh mé ar an am

Is tú a shábhál(ann) mé, is tú

Scríofa ag: Robb Murphy Taifeadta agus Léirithe ag: Robb Murphy ag Mill Valley Studios, Béal Feirste Meascadh agus Máistriú déanta ag: Neal Calderwood ag Manor Park Studio Guth: Robb Murphy Giotár: Rick Mckee Drumaí: Kevin Carlisle Aistriúchán: Traic Ó Braonáin agus Síne Nic an Ailí www.robbmurphy.com

12. Walking On Cars

- Beir Orm Más Féidir Leat

Beir (orm) más féidir leat x 2
Tá mo cheann ar crochadh
'S tá eagla orm anocht

Caithfidh mé rith chun éalú
Agus chun bheith áthasach, áthasach,
's chun bheith áthasach

Tóg mo lámh anois
Tóg mo lámh anois
Ach ná beir róchógarach

'S tá eagla orm anocht
'Bhfuil slánaitheoir chun mé a thabhairt thar n-ais
Chun óige, óige, thar n-ais chun óige

Gan stop, tar liom gan bheith im chroí x 4

Tá eagla i mo chroí
Tá eagla go síoraí anocht

Beir (orm) más féidir leat x 2
'Strainséir (ag) siúl ar taobh liom
Le chéile i gcomhair anocht

Ansin le gile 'n lae
Tá brón orm
Ach sin a bhfuil, sin a bhfuil, ó agus sin a bhfuil

Tóg mo lámh anois
Tóg mo lámh anois
Le do thoil, ná bheith róchógarach
'S tá eagla orm anocht
Táim sobhriste 's sin an méid
'S deirim "Lean ar aghaidh, lean ar aghaidh"
'S deirim "Lean ar aghaidh"

Gan stop, tar liom gan bheith im chroí x 4

Beir (orm) más féidir leat x 4
Óóó
Gan stop, tar liom gan bheith im chroí x 4

Beir (orm) más féidir leat x 4
Tá eagla i mo chroí
Tá eagla go síoraí anocht

Scríofa ag: Walking On Cars Léirithe ag: Tom McFall Guth: Patrick Sheehy agus Sorcha Durham
Giotár Leictreach: Dan Devane Giotár Fuaimiúil: Patrick Sheehy Dordghiotár: Paul Flannery
Drumaí: Evan Hadnett Pianó: Sorcha Durham Aistriúchán: Traic Ó Braonáin, Síne Nic an Ailí, Ben
Moriarty agus Sorcha Durham www.walkingoncars.com

13. Senakah **- Ag Íoc As An nGrá**

Tóg am chun tú féin a aithailíniú
Ní hé seo an bóthar ceart
Smaoinigh 'nois ar dhuine eile
Ní chosnaíonn sé an iomarca

Déarfainn leat éist(eacht) le do chairde
Ach is léir go n-insíonn siad uilig bréag
Ghlac scáth mé faoi mar a d'athraigh tú
Ach is measa fós nuair a bhíonn tú ag gol

Is cuimhin liom go maith nuair a bhí tú dea-chroíoch
Ní thógfadh sé ró-fhada (duit) athchuimhneamh air

Níl tú chomh hard
Níl tú chomh beag
Níl tú fiú chomh gránna
Ar ball slánóidh tú
Amharc ar d'fhadbanna
Mar ghnéithe greannmhara

Is deacair cara a bhualadh
Ach tuigtear dom nach bhfuil bealach eile
Ar deireadh leasóidh mé an éagóir
Anois tá luach uafásach le hÍoc

Is cuimhin liom go maith nuair a bhí tú dea-chroíoch
Ní thógfadh sé ró-fhada (duit) athchuimhneamh air

Níl tú chomh hard
Níl tú chomh beag
Níl tú fiú chomh gránna

Ar ball slánóidh tú
Amharc ar d'fhadbanna
Mar ghnéithe greannmhara

Ar ball slánóidh tú
Amharc ar d'fhadbanna
Mar ghnéithe greannmhara

Giotár Fuaimiúil: Rob Hope Dord / Fonnadóireacht Taca: Yvonne Conaty Príomhghiotár: Bren O'Gorman Drumaí: Darragh O'Loughlin Téaduirisí cóirithe ag: Ciaran Hope Liricí: Rob Hope Ceol cóirithe ag: Senakah Aistrithe ag: Antoin Ó Dubhghaill Léirithe ag: Noel Hogan Taifeadta agus Measctha ag: Bishops Palace, Luimneach (Owen Lewis) www.senakah.com

14. TRAIC

- Liath

Gach uair a ligim siar mo sciath
Roimh thuras na meoin
Ní fios cá háit a rachaidh sí
Nuair a shíobann sí romham

Níos mó ná snua leamh
Níos fearr le gach a ghabh
Dath mo chodladh sámh
Tada ach a' Liath

Deir tú go dtuigeann tú 'bhfad níos fearr
Deir sé nach mbaineann sé leis
Deir sí leanfar mar is comhair
Sibh ag cailleadh an deis

Níos mó ná snua leamh
Níos fearr le gach a ghabh
Dath chomh hión 's chomh fíor
Tada ach a' Liath

Támar buailte siar go maith
'S é in am go scaoilfear leo
'S má léimtear deimhin le cuardú thart
Tiocfar go luath ar an treo

Níos mó ná snua leamh
Níos fearr le gach a ghabh
Dath na fírinne searbh
Tada ach a' Liath

**Scríofa ag: Traic Léirithe agus Measctha ag: Traic agus Tommy O'Sullivan Guth: Traic Giotáir:
Traic & Ciarán Ó Muirí Dordghiotár: Ronnie O'Flynn Drumaí: Ronnie O'Flynn
www.myspace.com/traicmusic**

15. COLM Ó SNODAIGH

- Paraisiút

'S léim
Ná fan anseo go síoraí
Ní fiúeven duit a bheith id aonar
Nuair atá gach duine imithe

Glac parasúit
'S léim
Dein déileáil le gach aon dainséar
Glac parasúit
'S léim
Eitil tríd an aer

'S mura mbíonn an ghaoth leat beidh mé
Beidh mé
"S mura mbíonn an ghaoth leat
Tá mé anseo leat

Ó ná breathnaigh síos
Tá slí fada fút
Beidh mé le do thaobh
'S an parasite os do chionn

Glac parasúit
'S léim
Is féidir teacht ar ais amárach
Glac parasúit
'S léim
Níl tada dod choinneáil siar
"S mura mbíonn an ghaoth leat beidh mé
Beidh mé
"S mura mbíonn an ghaoth leat
Tá mé anseo leat

Athraíonn an ghaoth
Athraíonn sí a slí
Seachain a scian
Seachain a chroi

"S mura mbíonn an ghaoth leat beidh mé
Beidh mé
"S mura mbíonn an ghaoth leat
Tá mé anseo leat
Nil tada do do choinneáil siar

**Scríofa agus bunleagan: *Something Happens* (Ray Harmon, Tom Dunne, Alan Byrne, Eamon Ryan);
*Athmheascadh Gaeilge ag: Mark Monolith Gavin, Colm Ó Snodaigh***

www.kila.ie